Seacht saighde a-tá ar mo thí

[Watson, W. J. *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Scottish Gaelic Texts Society, Volume 1, Edinburgh 1937), poem 38, 252-5]

A ughdar so Donnchadh Óg

1 Seacht saighde atá ar mo thí,
tá gach saighead díobh ’gam lot,
*ag* teacht eadram agus Dia,
ó’s é sin as mian lem chorp.

2 A h-aon díobh an t-*saighead* fhiar,
an *mian* dá gcomhainm *an* craos:
minic do mheall í mé an phóit,
air ní thánaig fós an aos.

3 An dara saighead an drúis,
sin an chúis dá bhfuilim daor;
ó lot na saighde nó a gó
ní fhuilim beó uatha ar-aon.

4 An treas saighead díobh atá
i n-altaibh mo chnámh a stigh:
cha léig an leisge dá deoin
mise ar slighidh chóir ar bith.

5 An ceathramh saighead an t-sainnt,
a Dhé, a mairg i nd’fhuair í guin;
fortacht cha nfhaghaim rém ré,
go ragha cré ar mo mhuin.

6 ’N cóigeamh saighead don ghlaic chuirr
díomas do chuir riom go h-olc,
*maille* rém anam do chrádh,
agus ó nach slán mo chorp.

7 Dhíobh an seiseadh saighead gharg,
chuireas fearg eadram is cách:
*Críost* do chasg na n-urchar dhíom
ó nach bhfaghaim díon go bráth.

8 An seachtmhadh saighead an t-súil,
formad is tnúth ris gach ní:
na séid *sin* i bhfaghmaoid cion,
annta sin cha nfhuil ar mbrígh.

9 *An* ghlac soin i leith nach cóir,
is mór mhilltear leis an arm:
char thilg duine dhíobh nár bhuail,

char bhuail duine riamh nár mharbh.

10 Cuirim Paidir aoinMheic Dhé
is Cré na nOstal go beacht
eadram agus guin na n-arm
is cóig salm nó sé nó seacht.   Seacht.